

## Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí

Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don  
Tasc Measúnaithe

# An Clár Ábhar

|  |    |
|--|----|
| Réamhrá  | 1  |
| Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta  | 2  |
| Measúnuithe Rangbhunaithe i Staidéar Gnó   | 6  |
| An Tasc Measúnaithe  | 7  |
| Measúnú Rangbhunaithe 1: Gnó á chur i ngníomh  | 8  |
| Ag ullmhú  | 11 |
| Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích: Gnó á chur i ngníomh  | 12 |
| An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Gnó á chur i ngníomh   | 16 |
| Na Gnéithe Cáilíochta: Gnó á chur i ngníomh  | 17 |
| Measúnú Rangbhunaithe 2: Cur i láthair   | 19 |
| Ag ullmhú  | 20 |
| Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích: Cur i láthair   | 21 |
| An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Cur i láthair  | 24 |
| Na Gnéithe Cáilíochta: Cur i láthair   | 25 |
| Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair  | 26 |
| Torthaí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a Thairseadh agus a Thuairisciú                                  | 26 |
| Aguisín 1: Gnó á chur i ngníomh – Teimpléad le haghaidh Thaighde an Scoláire                           | 29 |
| Aguisín 2: Gnó á chur i ngníomh – Teimpléad le haghaidh Mhachnamh an Scoláire                          | 31 |
| Aguisín 3: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair | 33 |
| Aguisín 4: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair Tuarascáil an Éascaitheora    | 37 |



# Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí: Treoirínite do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe

- Eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- Sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an dá Mheasúnú Rangbhunaithe a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht churaclaim do Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí
- Na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfead leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- Treoirínite don scoil agus don mhúinteoir maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích
- Sonraí faoin Tasc Measúnaithe i Staidéar Gnó agus faoin gcaoi a dtacaíonn an scoil lena chur i gcrích.

Ba chóir na treoirínite a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim do Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí agus leis an bhFoireann Uirlisí don Mheasúnú don tsraith shóisearach, ina bhfuil tuilleadh sonraí faoin bpróiseas Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus faoi na gnéithe eile den mheasúnú don tsraith shóisearach a leagtar amach sna treoirínite seo.

Tugtar breac-chuntas mionsonraithe ar an measúnú don tsraith shóisearach sa *Chreat don tSraith Shóisearach, 2015*, atá ar fáil ag

<https://www.education.ie/ga/Foilseach%20in/Tuarasc%20lacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf>.

Is féidir teacht ar an gcáipéisíocht ar fad a bhaineann le measúnú sa tsraith shóisearach ag

<https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunú-agus-tuairisciú>.

# Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht ábhair. Áirítear iad san fhad ama a thugtar don Staidéar Gnó, .i. 200 uair an chloig ar a laghad. Leagtar amach sna treoirlínte seo na tascanna agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis na measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. Ullmhaíonn an scoláire do na Measúnuithe Rangbhunaithe thar thréimhse ar leith sa dara agus sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach in obair baile ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a chuid gnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

## An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh

Tá ceithre thuairisceoir leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe: Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill.

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo (lgh 19 agus 29), leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfead lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear *Thar barr ar fad* le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear gach ceann de na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear *Os cionn na n-ionchas* le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse gníomhaíochta a chomhlánú, agus moltar an saothar as a bheith comhsheasmhach. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a

dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear *Ag teacht leis na hionchais* le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear *Níor chomhlíon na hionchais* go fóill le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na nGnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an mhúinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba cheart don mhúinteoir na nGnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill ar dtús*) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na nGnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

## **Neamhspleáchas na scoile chun an scoláire a ullmhú do na Measúinuithe Rangbhunaithe**

Leagtar amach sna treoirí seo raon roghanna le haghaidh na Measúinuithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Tá rogha ábhar ag an scoláire agus ag an mhúinteoir le haghaidh an chéad Mheasúnaithe Rangbhunaithe, Gnó á Chur i nGníomh. Tá féidearthachtaí eile maidir leis an gcaoi le tabhairt faoin taighde agus é a chur i láthair le haghaidh an mheasúnaithe chun deis a thabhairt don scoláire leas a bhaint as na rudaí a bhfuil spéis aige féin iontu agus as na rudaí a spreagann é. Ar an gcaoi chéanna, spreagtar an scoláire go

láidir úsáid a bhaint as ábhair thacaíochta éagsúla agus an dara Measúnú Rangbhunaithe, Cur i láthair á chur i gcrích aige, amhail teicneolaíocht dhigiteach, póstaeir, agus grafaic faisnéise. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na dtéamaí agus na n-ábhar don Chur i láthair a shocrú go neamhspleách.

## An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ar na bealaí seo a leanas:

- A chinntiú go dtugtar na treoirlínte measúnaithe do na Measúnuithe Rangbhunaithe de chuid CNCM don mhúinteoir
- Tacú leis an múinteoir na tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifeadadh
- Taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- Na treoirlínte don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a leagtar amach sa cháipéis seo a chur i bhfeidhm
- Tacú leis an múinteoir agus leis an scoláire an Tasc Measúnaithe a chur i gcrích
- Cloí leis na socruithe a bhaineann leis na Tascanna Measúnaithe a chuirtear i gcrích a aistriú chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit lena marcáil
- Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach sna treoirlínte seo
- Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú leanúnacha don scoláire agus a thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Tá tuilleadh eolais le fáil ag <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú>.

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfadh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfadh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais an taisc a shoiléiriú

- samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil na mheasúnuithe a éascú
- tacaíocht a chur ar fáil do scoláire ar bith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige

Tabhair faoi deara nach féidir glacadh ach le hobair an scoláire féin lena mheas sa Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Féadtar socruithe speisialta a chur i bhfeidhm do scoláire a bhfuil deacracht choirp nó foghlama ar leith aige le tionchar an mhíchumais sin ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe agus sa Tasc Measúnaithe araon a laghdú, a oiread agus is féidir, ionas go mbeidh sé in ann a leibhéal gnóthachtála a thaispeáint. Ba cheart go mbeadh na hoiriúntais – mar shampla, úsáid Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta, nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha – ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm le tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana agus níor cheart go gceapfaí iad le cúiteamh a dhéanamh san easpa féideartha gnóthachtála a eascraíonn as míchumas.



## Measúnuithe Rangbhunaithe i Staidéar Gnó

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe i Staidéar Gnó. Déantar iad a mheas ar Leibhéal Comónta. Baineann siad le torthaí foghlama sonracha agus tugann an scoláire fúthu laistigh de thréimhse shonraithe ama le linn am teagmhála ranga de réir amchlár náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) i rith an fhéilire scoile. Cuirfear an t-amchlár do na Measúnuithe Rangbhunaithe ar fáil sna hábhair uile go bliantúil ar [www. www.curriculumonline.ie/Junior-cycle](http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle). Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe, cuirfidh an scoláire Tasc Measúnaithe i gcrích, a dhéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a mharcáil mar chuid den scrúdú stáit i Staidéar Gnó. Tugtar breac-chuntas ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an sceideal táscach le haghaidh Staidéar Gnó i dTábla 1 thíos.

| <b>Measúnaithe Rangbhunaithe</b> | <b>Leagan amach</b>  | <b>Ullmhúchán an scoláire</b>   |
|----------------------------------|--|---|
| <b>Gnó á chur i ngníomh</b>      | Tionscadal grúpa bunaithe ar cheann de thrí rogha:<br>Fiontraíocht á cur i ngníomh<br>Eacnamaíocht á cur i ngníomh<br>Airgeadas á chur i ngníomh | I rith ceithre seachtaine ar a mhéad le tacaíocht/treoir ón múinteoir |
| <b>Cur i láthair</b>             | Cur i láthair aonair agus iniúchadh ar ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó   | I rith trí seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht/treoir ón múinteoir    |

**Tábla 1: Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh Staidéar Gnó**

## An Tasc Measúnaithe

Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann an scoláire le linn an ranga. Ní mharcálann an múinteoir ranga é, ach cuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é lena mharcáil mar chuid de scrúdú deimhnithe an stáit i Staidéar Gnó. Is í CNCM a shonraíonn an Tasc Measúnaithe agus bainfidh sé leis na torthaí foghlama a mbeidh an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe orthu. Is é sin an Cur i láthair i gcás Staidéar Gnó. Leagtar amach sonraí an Taisc Measúnaithe sna treoirlínte seo agus tugtar breac-chuntas orthu i dTábla 2 thíos.


|                            | <b>Leagan amach</b>  | <b>Ullmhúchán an scoláire</b>   | <b>Curtha i gcrích</b>  |
|----------------------------|--|---|---|
| <b>An Tasc Measúnaithe</b> | Cuireann an scoláire tasc scríofa sonraithe i gcrích, a chuirtear faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil | Beidh ceangal ag an Tasc Measúnaithe leis an gCur i láthair (Measúnú Rangbhunaithe 2) | Tar éis an dara Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích i mBliain 3 |

**Tábla 2: Tasc Measúnaithe le haghaidh Measúnú Rangbhunaithe 2, Cur i láthair**

# Measúnú Rangbhunaithe 1: Gnó á chur i ngníomh

Tugann Gnó á chur i ngníomh deis don scoláire tabhairt go gníomhach faoi thaithí foghlama phraiticiúil agus fhírinneach a léiríonn gníomhaíochtaí a dhéantar go rialta sa timpeallacht ghnó. Beidh sé ag feidhmiú mar thomhaltóir, mar fhiontraí, mar bhainisteoir agus mar dhuine den lucht déanta cinntí agus é ag pleanáil agus ag déanamh taighde, ag déanamh anailís ar shonraí agus ar fhaisnéis, ag réiteach fadhbanna agus ag déanamh cinntí, ag úsáid teicneolaíocht dhigiteach chun eolas a bhainistiú, agus ag dul i mbun gnímh. Foghlaimeoidh sé faoina chuid acmhainní féin agus faoi shaincheisteanna a bhfuil tábhacht shóisialta, chultúrtha agus dhomhanda leo, agus déanfaidh sé cinntí eolasacha ina leith. Is bunscileanna riachtanacha iad sin a bheidh ag teastáil le haghaidh an tsaoil, na hoibre agus an bhreisoideachais.

Leagtar amach i bhFíor 1 an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé lena scoláire a Mheasúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích.



**Fíor 1 An Próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh**

Tugtar trí rogha don scoláire as a roghnóidh sé tionscadal Gnó á chur i ngníomh:

|  |   |
|--|---|
| <b>1. Fiontraíocht á cur i ngníomh</b> | Tugtar deis don scoláire tabhairt faoi ghníomhaíocht fiontraíochta.   |
| <b>2. Eacnamaíocht á cur i ngníomh</b> | Tugtar deis don scoláire treocht, forbairt, athrú nó beartas eacnamaíochta atá ag imirt tionchar dearfach nó diúltach ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann a iniúchadh      |
| <b>3. Airgeadas á chur i ngníomh</b>   | Tugtar deis don scoláire dúshlán airgeadais a bhíonn ag tomhaltóir nó ag eagraíocht (eagraíocht bhrabúis nó eagraíocht neamhbhrabúis) a shainaithint agus taighde a dhéanamh air. |

Is grúphtionscadal é Gnó á chur i ngníomh. Clúdaíonn sé ceithre réimse gníomhaíochta: *taighde a dhéanamh*; *measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis*; *pleananna gníomhaíochta a fhorbairt*; agus *torthaí a thuairisciú*. Ba chóir don scoláire comhoibriú lena chomhscoláirí chun an tionscadal a chur i gcrích ach ba chóir don mhúinteoir a chinntiú go gcuireann gach scoláire leis an tionscadal as féin, agus go gcruthaíonn gach duine a fhianaise féin chun Gnéithe Cáilíochta an mheasúnaithe seo a bhaint amach.

## Rogha Tionscadail 1: Fiontraíocht á cur i ngníomh

Tugtar deis don scoláire tabhairt faoi ghníomhaíocht fiontraíochta. Is féidir leis an ngrúpa roghnú ó na cinn seo a leanas:

- Is féidir leis an scoláire táirge nó seirbhís a fhorbairt. Féadfaidh sé an táirge nó an tseirbhís a cheapadh nó a chumadh é féin (toisc go sainaithníonn sé margadh féideartha a bheith aige/aici), nó féadfaidh sé táirge nó seirbhís atá ann cheana a fhorbairt (toisc go sainaithníonn sé go bhféadfaí cur lena m(h)argadh).
- Is féidir leis an scoláire imeacht nó gníomhaíocht fiontraíochta (brabúis nó neamhbhrabúis) a fhorbairt. Féadann sé a bheith ina imeacht aon uaire nó ina imeacht a eagraítear thar thréimhse ama níos faide. Is féidir tabhairt faoi chun críocha eacnamaíochta, sóisialta nó cultúrtha.

### Mar chuid den tionscadal gníomhaíochta seo:

- Tabharfaidh an scoláire faoi thaighde chun indéantacht a smaoinimh a mheas
- Déanfaidh an scoláire measúnú ar thorthaí a thaighde
- Forbróidh an scoláire plean gnó bunaithe ar thorthaí a thaighde ina ndéanfar cur síos ar ghnéithe den chumasc margaíochta atá le cur i bhfeidhm agus ar fhaisnéis airgeadais don fhiontar
- Soláthróidh an scoláire an táirge, an tseirbhís, an t-imeacht nó an ghníomhaíocht fiontraíochta a roghnaigh sé dá spriocmhargadh, nuair is féidir
- Déanfaidh an scoláire taifead ar ionchuir agus ar aschuir an fhiontair, nuair is féidir
- Déanfaidh an scoláire tionscadal a thiomsú chun achoimre a dhéanamh ar an bhfiontar.

Is iad seo na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar trí Ghnó á chur i ngníomh sa rogha seo:

| Airgeadas Pearsanta | Fiontraíocht             | Ár nGeilleagar |
|---------------------|--------------------------|----------------|
| 1.2, 1.10           | 2.6, 2.7, 2.8, 2.9, 2.11 | 3.10           |

## Rogha Tionscadail 2: Eacnamaíocht á cur i ngníomh

Tugtar deis don scoláire treocht, forbairt, athrú nó beartas eacnamaíochta atá ag imirt tionchar dearfach nó diúltach ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann a iniúchadh.

### Mar chuid den tionscadal gníomhaíochta seo:

- Tabharfaidh an scoláire faoi thaighde ar an tsaincheist eacnamaíochta a roghnaíonn sé
- Déanfaidh an scoláire measúnú ar thorthaí a thaighde. Cuimseoidh an measúnú eacnamaíoch tairbhí agus costais eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil ar phríomhpháirtithe

leasmhara difriúla a shainnithint agus a mheas

- Taispeánfaidh an scoláire úsáid táscairí eacnamaíocha agus léiriúcháin ghrafacha ábhartha chun tacú le torthaí a thaighde
- Forbróidh an scoláire plean gníomhaíochta ina dtugtar breac-chuntas ar athrú ar bheartas eacnamaíoch a d'fhéadfadh feabhas a chur ar na torthaí eacnamaíocha a d'eascródh as
- Déanfaidh an scoláire tionscadal a thiomsú chun achoimre a dhéanamh ar a shaothar.

Is iad seo na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar trí Ghnó á chur i ngníomh sa rogha seo:

| Airgeadas Pearsanta | Fiontraíocht | Ár nGeilleagar               |
|---------------------|--------------|------------------------------|
| 1.1                 | 2.5          | 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5, 3.6 |

### Rogha Tionscadail 3: Airgeadas á chur i ngníomh

Tugtar deis don scoláire dúshlán airgeadais a bhíonn ag tomhaltóir nó ag eagraíocht (eagraíocht bhrabúis nó eagraíocht neamhbhrabúis) a shainnithint agus taighde a dhéanamh air.


#### Mar chuid den tionscadal gníomhaíochta seo:

- Déanfaidh an scoláire dúshlán airgeadais roghnaithe a iniúchadh do dhuine aonair nó d'eagraíocht (eagraíocht bhrabúis nó eagraíocht neamhbhrabúis) agus déanfaidh sé taighde ar an dúshlán sin
- Déanfaidh an scoláire measúnú ar thorthaí a thaighde. Maidir leis an measúnú, d'fhéadfadh cur síos a bheith ann ar roinnt tosca is cúis leis an dúshlán airgeadais, chomh maith le sainnithint na gcostas do na príomhpháirtithe leasmhara éagsúla agus rangú an tionchair dhearfaigh agus dhiúltaigh ar ioncam agus ar chaiteachas
- Tacóidh an scoláire lena anailís le léiriúcháin tháblacha agus ghrafacha
- Forbróidh an scoláire plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán airgeadais de réir a mheasúnaithe ar thorthaí an taighde
- Déanfaidh an scoláire tionscadal a thiomsú chun achoimre a dhéanamh ar a shaothar.

Is iad seo na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar trí Ghnó á chur i ngníomh sa rogha seo:

| Airgeadas Pearsanta          | Fiontraíocht           | Ár nGeilleagar |
|------------------------------|------------------------|----------------|
| 1.1, 1.2, 1.3, 1.4, 1.5, 1.8 | 2.10, 2.11, 2.12, 2.13 | 3.1, 3.5       |

## Ag ullmhú



### Ullmhúchán an scoláire

Ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na trí shnáithe staidéir, Airgeadas Pearsanta, Fiontraíocht agus Ár nGeilleagar, chun tabhairt faoina thionscadal roghnaithe le haghaidh Gnó á chur i ngníomh. Mar chuid de theagasc, d'fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama do Staidéar Gnó, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna taighde agus measúnaithe a fhorbairt. Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba chóir é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ón tús ar fad, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.


### Ullmhúchán an mhúinteora

D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba chóir don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas:

- Sonraíocht churaclam Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí
- Foireann Uirlisí don Mheasúnú
- Samplaí anótáilte de shaothar an scoláire.

Ba chóir tabhairt faoin tionscadal thar cheithre seachtaine laistigh de thréimhse a shocraíonn CNCM. Moltar go bpléifeadh an múinteoir an measúnú le comhghleacaithe, agus go bpleanálfadh sé aon teagasc agus athbhreithniú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Beidh sé tábhachtach na hamanna agus na dátaí chun tabhairt faoin measúnú a shocrú a luaithe is féidir. Moltar go socrófaí dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ag an tús ar fad chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Tar éis don scoil an dáta sin a shocrú, beidh an múinteoir agus an scoláire in ann ullmhú chun an Measúnú Rangbhunaithe ar Ghnó á chur i ngníomh a chur i gcrích.

## Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích: Gnó á chur i ngníomh



Cuirfear Gnó á chur i ngníomh i gcrích laistigh de **cheithre seachtaine**. Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo rachaidh an scoláire i ngleic le ceithre réimse gníomhaíochta, a chabhróidh leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint:

1. Taighde a dhéanamh
2. Faisnéis a mheas
3. Pleananna gníomhaíochta a fhorbairt
4. Torthaí a thuairisciú.

### 1. Taighde a dhéanamh

Tosaíocht maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích is ea scileanna taighde an scoláire a fhorbairt. A luaithe a shocróidh an múinteoir agus an scoláire cén tionscadal Gnó á chur i ngníomh is mian leis a dhéanamh, cuirfear na scoláirí i ngrúpaí. Ba chóir go ndéanfadh gach grúpa iarracht a smaoineamh tionscadail a leagan amach agus smointe a chur i gceann a chéile maidir le heochairfhocail, frásaí agus faisnéis.

Beidh ar gach scoláire sa ghrúpa sonraí agus faisnéis a bhailiú ó fhoinsí difriúla ar mhaithe le taighde a dhéanamh ar an tionscadal. Is féidir le scoláire roinnt taighde allamuigh (taighde príomhúil) agus/nó roinnt taighde deisce (taighde tánaisteach) a dhéanamh, mar shampla:

- Cuairt allamuigh
- Agallamh
- Suirbhé
- Taighde ar líne
- Nuachtáin agus irisí.

Caithfidh gach scoláire aonair a thaighde féin a dhéanamh (feic Aguisín 1 Ich 29). Tá sé tábhachtach do gach scoláire taifead a choinneáil ar fhoinse/fhoinsí an eolais ar fad a bhaileofar lena chinntiú go bhféadfar a n-iontaofacht agus a gcáilíocht a mheas, agus gur féidir tagairt a dhéanamh do na foinsí

sin sa tionscadal. Ba chóir é a spreagadh chun cuardach éifeachtach a dhéanamh ar ábhar, agus é a mheas agus a shintéisiú.

## 2. Faisnéis a mheas

Ba chóir don scoláire scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhailigh sé féin d'fhonn breithmheas a thabhairt ar thorthaí an taighde. Ba chóir tacú le gach scoláire agus é i mbun measúnú ar an bhfaisnéis (feic Aguisín 1, lch 29).

Ba chóir don ghrúpa teacht le chéile chun scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis go léir a bhailigh gach duine sa ghrúpa d'fhonn breithmheas a thabhairt ar thorthaí an taighde.

|  |   |
|--|---|
| <p><b>Fiontraíocht á cur i ngníomh</b></p> | <p>Déanfaidh an grúpa measúnú ar a dtaighde ar mhaithe le hindéantacht a bhfiontair a mheas. Tá siad seo a leanas i measc na gceisteanna a bhféadfaidís aghaidh a thabhairt orthu:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Ar chóir dúinn ár smaoineamh a mhionathrú bunaithe ar an taighde?</li> <li>▪ An bhfuil margadh ann faoi choinne an fhiontair seo?</li> <li>▪ Cad iad na costais atá i gceist leis an bhfiontar seo a fhorbairt?</li> <li>▪ Conas a ghinfimid ioncam ón bhfiontar?</li> </ul>  |
| <p><b>Eacnamaíocht á cur i ngníomh</b></p> | <p>Déanfaidh an grúpa measúnú ar a dtaighde ar mhaithe leis na tairbhí agus na costais a bhaineann lena saincheist eacnamaíochta a mheas. Tá siad seo a leanas i measc na gceisteanna a bhféadfaidís aghaidh a thabhairt orthu:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Cad iad na costais agus na tairbhí eacnamaíocha do na páirtithe leasmhara éagsúla?</li> <li>▪ Cad iad na costais agus na tairbhí sóisialta do na páirtithe leasmhara éagsúla?</li> <li>▪ Cad iad na costais agus na tairbhí comhshaoil do na páirtithe leasmhara éagsúla?</li> <li>▪ An bhfuil graif, staitisticí nó táscairí eacnamaíocha ar fáil chun tacú leis an anailís?</li> </ul> |
| <p><b>Airgeadas á chur i ngníomh</b></p>   | <p>Déanfaidh an grúpa measúnú ar a dtaighde ar mhaithe le staid airgeadais tomhaltóra nó eagraíochta a mheas. Tá siad seo a leanas i measc na gceisteanna a bhféadfaidís aghaidh a thabhairt orthu:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Cén tionchar atá ag an tsaincheist airgeadais ar ioncam?</li> </ul>  |



|  |  |
|--|--|
|  | <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Cén tionchar atá ag an tsaincheist airgeadais ar chaiteachas?</li> <li>▪ An saincheist ghearrthéarmach, mheántéarmach nó fhadtéarmach é seo?</li> <li>▪ An bhfuil graif, staitisticí nó cuntais ar fáil chun tacú leis an anailís?</li> </ul> |
|--|--|

### 3. Pleananna gníomhaíochta a fhorbairt

Nuair a bheidh an taighde agus an measúnú ar an taighde curtha i gcrích ag an ngrúpa, úsáidfídh siad a gcuid anailíse ar thorthaí an taighde chun plean gníomhaíochta a fhorbairt. Ba chóir don scoláire breithiúnais fhóna a léiriú, bunaithe ar fhianaise, ina dtugtar aghaidh ar na dúshlán a thagann lena thionscadal. Ba chóir go mbeadh torthaí an taighde mar bhonn ag an gcur chuige.

|                                     |  |
|-------------------------------------|--|
| <b>Fiontraíocht á cur i ngníomh</b> | Forbróidh an scoláire plean gnó ina ndéanfar cur síos ar ghnéithe den chumasc margaíochta atá le cur i bhfeidhm agus ar fhaisnéis airgeadais don fhiontar. Déanfaidh sé iarracht an táirge, an tseirbhís, an t-imeacht nó an ghníomhaíocht fiontraíochta a roghnaigh sé a sholáthar don spriocmhargadh, nuair is féidir. |
| <b>Eacnamaíocht á cur i ngníomh</b> | Forbróidh an scoláire plean gníomhaíochta ina dtugtar breac-chuntas ar athrú ar bheartas eacnamaíoch a d'fhéadfadh feabhas a chur ar na torthaí eacnamaíocha a d'eascródh as.  |
| <b>Airgeadas á chur i ngníomh</b>   | Forbróidh an scoláire plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán airgeadais ar mhaithe le staid airgeadais duine aonair nó eagraíochta a chur chun feabhais. Tacóidh an scoláire lena phlean le léiriúcháin tháblacha agus ghrafacha.  |

Cé go ndéanann an múinteoir monatóireacht ar an gcéim seo den obair, is é an grúpa féin a dhéanann an anailís agus a chuireann an plean gníomhaíochta le chéile, agus déantar é agus iad ag comhoibriú go gníomhach, stuama lena chéile.

### 4. Torthaí a thuairisciú

Chun an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích, ní mór do gach grúpa scoláirí fianaise ar a saothar a chur isteach. Cuirtear tionscadal amháin isteach in aghaidh an ghrúpa. Is é an scoláire a roghnóidh an fhaisnéis is oiriúnaí, iontaofa agus ar ardchaighdeán dar leis le cur san áireamh mar fhianaise ar an tionscadal críochnaithe.

## **Fianaise ar fhoghlaim**

Ba chóir go mbeadh an fhaisnéis seo a leanas ar fáil sa tionscadal:


- Réamhrá don tionscadal
- Fianaise ar thaighde an scoláire i gcás gach duine sa ghrúpa (feic Aguisín 1, lch 29)
- Plean gníomhaíochta chun torthaí an taighde a chur i bhfeidhm
- Conclúid agus moltaí
- Machnamh an Scoláire ó gach duine sa ghrúpa (feic Aguisín 2, lch 31)

Ba cheart go mbeadh an tionscadal suas le 1,500 focal ar fad. Ag brath ar an bhformáid roghnaithe, b'fhéidir nach mbeidh an oiread sin focal i dtionscadail áirithe ach, mar sin féin, léireofar an taighde agus na torthaí ar fad go cuimsitheach. Úsáidfear an fhianaise go léir a chuirfear isteach chun breithiúnas a thabhairt ar leibhéal gnóthachtála an scoláire i gcoinne na nGnéithe Cáilíochta ábhartha atá leagtha síos ar lgh 19-20.

Ba cheart go mbeadh ábhair thacaíochta san áireamh sa tionscadal amhail fréamhshamhlacha nó iarsmaí, léiriúcháin ghrafacha, cuntais airgid, suirbhéanna, ceisteanna agallaimh, íomhánna, grianghraif, scéalchlár agus grafaic faisnéise nuair is cuí. Ba cheart an úsáid nuálach as modhanna difriúla chun faisnéis a léiriú a chur chun cinn agus a spreagadh. Ba chóir an tionscadal a leagan amach i bhformáid shoiléir tharraingteach.

Sula gcuireann sé a thionscadal isteach, ní mór do gach scoláire aonair Machnamh an Scoláire a chomhlánú (feic Aguisín 2, lch 31). Is ionann Machnamh an Scoláire a líonadh isteach agus dearbhú sonrach an scoláire faoin ról a bhí aige in obair an ghrúpa ar an tionscadal. Moltar go mbeadh idir triúr agus cúigear scoláirí i ngrúpa ionas go mbeidh gach duine in ann cur go stuama leis an obair agus go mbeidh sé níos éasca an obair a dháileadh agus a roinnt ar an ngrúpa.

## An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Gnó á chur i ngníomh



### Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair Gnó á chur i ngníomh. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d’obair an scoláire (feic lch 5).

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barantúla d’obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d’fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe
- foilseofar samplaí anótáilte d’obair scoláirí ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)

## Na Gnéithe Cáilíochta: Gnó á chur i ngníomh

### Thar barr ar fad

- Úsáideann an scoláire modh taighde thar a bheith éifeachtach chun sonraí a bhailiú agus léiríonn sé anailís ardleibhéil ar a chuid torthaí.
- Tá an measúnú ar na comhthorthaí taighde ar chaighdeán den scoth, léirítear gur cuireadh go leor tuairimí difriúla san áireamh chomh maith le creidiúnacht na bhfoinsí faisnéise.
- Léiríonn an plean gníomhaíochta uaimhian agus cruthaitheacht agus tá sé bunaithe ar bhreithiúnas fónta, bunaithe ar fhianaise, ar an bhfaisnéis go léir a bhí ar fáil don scoláire. Cuirtear i gcrích é ar chaighdeán an-ard.
- Cuirtear an tionscadal i gcrích ar chaighdeán an-ard, tá sé an-chuimsitheach agus léirítear faisnéis i bhformáidí difriúla éagsúla, m.sh. amharc, scríofa, agus is beag deis atá ann chun é a fheabhsú.
- Déantar cur síos i Machnamh an Scoláire aonair go soiléir agus go mion ar an gcaoi ar thug an scoláire faoin obair ag leibhéal eisceachtúil ag gach céim den tionscadal. Cuirtear léiriú bríoch i láthair ar a thaithí ar obair ghrúpa.

### Os cionn na n-ionchas

- Úsáideann an scoláire modh taighde éifeachtach chun sonraí a bhailiú agus léiríonn sé anailís mhaith ar a chuid torthaí.
- Tá an measúnú ar na comhthorthaí taighde ar chaighdeán an-mhaith, léirítear gur cuireadh roinnt tuairimí difriúla san áireamh chomh maith le creidiúnacht na bhfoinsí faisnéise.
- Léiríonn an plean gníomhaíochta breithiúnas bunaithe ar fhianaise ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil don scoláire. Cuirtear i gcrích é ar chaighdeán ard.
- Tá an tionscadal iomlán agus cuirtear i láthair é ar bhealach eagraithe soiléir; tá deis bheag ann chun é a fheabhsú.
- Taispeántar i Machnamh an Scoláire aonair an chaoi ar thug an scoláire faoin obair ag gach céim den tionscadal. Cuirtear léiriú de shaghas éigin i láthair ar a thaithí ar obair ghrúpa.

### Ag teacht leis na hionchais

- Úsáideann an scoláire modh taighde inghlactha chun sonraí a bhailiú ach tá easpa doimhneachta le sonrú san anailís ar a chuid torthaí.
- Tá an measúnú ar na comhthorthaí taighde dóthanach, ach léirítear gur beag tuairimí difriúla

a cuireadh san áireamh chomh maith le creidiúnacht na bhfoinsí faisnéise.

- Cuireadh an plean gníomhaíochta i gcrích ar chaighdeán maith agus taispeántar breithiúnas sách fónta ar an bhfianaise.
- Tá roinnt easnamh sa tionscadal ach tríd is tríd tá sé iomlán agus cuirtear i láthair é ar bhealach eagraithe.
- Taispeántar roinnt fianaise i Machnamh an Scoláire aonair ar an gcaoi ar thug an scoláire faoin obair ag roinnt céimeanna den tionscadal. Is beag léiriú a thugtar ar a thaithí ar obair ghrúpa.

#### **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**

- Úsáideann an scoláire modh taighde neamhéifeachtach chun sonraí a bhailiú agus léiríonn sé anailís mhear ar a chuid torthaí.
- Tá an measúnú ar na comhthorthaí taighde go holc, léirítear gur fíorbheagán tuairimí difriúla a cuireadh san áireamh chomh maith le creidiúnacht na bhfoinsí faisnéise.
- Taispeánann an plean gníomhaíochta breithiúnas ar an bhfianaise, ach tá laigí in áiteanna san fhianaise ar a bhfuil sé bunaithe.
- Tá achoimre faisnéise an-bhunúsach sa tionscadal, fágtagar gnéithe tábhachtacha ar lár agus níl aon soiléireacht sa chur i láthair.
- Taispeántar i Machnamh an Scoláire aonair nár thug an scoláire faoin obair go maith sa tionscadal. Tugtar léiriú an-chaol ar a thaithí ar obair ghrúpa.

## Measúnú Rangbhunaithe 2: Cur i láthair

Tá dhá thosaíocht ag baint leis an Measúnú Rangbhunaithe seo: deis a thabhairt don scoláire a chuid eolais, scileanna agus tuisceana a chur i bhfeidhm i suíomhanna ón bhfíorshaol, agus a chuid scileanna cumarsáide a fhorbairt. Tugann an Cur i láthair deis don scoláire: an fheasacht atá aige mar fhoghlaiméoir a fhorbairt; measúnú a dhéanamh ar fhianaise agus machnamh a dhéanamh ar a luachanna; a chumas chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach a léiriú ag úsáid raon uirlisí atá coitianta sa timpeallacht ghnó; agus cinntí agus moltaí ciallmhara a dhéanamh.

Cuideoidh an Measúnú Rangbhunaithe seo leis an scoláire ábhar a d'fhoghlaim sé sa chúrsa a chur i bhfeidhm ina shaol laethúil, nascfaidh sé smaointe teoiriciúla le comhthéacsanna praiticiúla agus tosóidh sé ag forbairt scileanna machnaimh. Dearadh é le go mbeidh níos mó plé dearfach idir an scoláire agus an múinteoir ar ábhair spéise a bhaineann le cúrsaí gnó le linn na dtrí bliana staidéir.

Is tionscadal do dhuine aonair é an Cur i láthair. Cuimsíonn sé trí réimse gníomhaíochta:


- Iniúchadh
- Breithiúnais eolasacha a dhéanamh
- Cumarsáid.

Is féidir leis an scoláire comhoibriú lena chomhscoláirí nuair atá faisnéis ábhartha á bailiú ach ba chóir don mhúinteoir a chinntiú go bhfuil gach scoláire ábalta fianaise a sholáthar ina aonar chun Gnéithe Cáilíochta an mheasúnaithe seo a chomhlíonadh.

Is iad seo na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar tríd an gCur i láthair:

| Airgeadas Pearsanta | Fiontraíocht            | Ár nGeilleagar      |
|---------------------|-------------------------|---------------------|
| 1.3, 1.7, 1.9, 1.10 | 2.1, 2.2, 2.4, 2.5, 2.6 | 3.1, 3.5, 3.9, 3.10 |

## Ag ullmhú



### Ullmhúchán an scoláire

Ba chóir go mbeadh dóthain eolais, scileanna agus tuisceana forbartha ag an scoláire chun cur i láthair a dhéanamh. Mar chuid de theagasc, d'fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama do Staidéar Gnó, a bhíonn ar bun go leanúnach, bíonn deiseanna ag an scoláire chun scileanna cumarsáide a fhorbairt mar a oibríonn sé i dtreo torthaí foghlama éagsúla. I measc na scileanna cumarsáide sin tá cumas plé agus díospóireacht a dhéanamh, éisteacht le tuairim agus tuairim a thabhairt, teanga agus uimhreacha a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh, agus leas a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach chun cumarsáid a dhéanamh. De réir mar a dhéanann an scoláire dul chun cinn ina chúrsa staidéir ba chóir go spreagfaí é chun saincheistean, ábhair, daoine aonair nó eagraíochtaí a bhfuil fonn air tuilleadh a fháil amach fúthu a shainaithint, chun cúrsaí reatha a bhíonn sna meáin a phlé, nó chun ábhar imní atá ar dhaoine go háitiúil nó go domhanda, a bhfuil baint aige le cúrsaí gnó, a fhiosrú. Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba chóir é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don mhúinteoir, don scoláire agus do thuismitheoirí ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ón tús ar fad, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear le cáilíocht a chuid oibre sa réimse seo a mheas.

### Ullmhúchán an mhúinteora


D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba chóir don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas:

- Sonraíocht churaclam Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí
- Foireann Uirlisí don Mheasúnú
- Samplaí anótáilte de shaothar an scoláire.

Cuirtear an Cur i láthair i gcrích thar **thrí seachtaine**. Mar chuid den ullmhúchán, pléfidh an múinteoir an measúnú le comhghleacaithe, agus pleanálfaidh sé aon teagasc agus athbhreithniú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Beidh sé tábhachtach na hamanna agus na dátaí chun tabhairt faoin measúnú a shocrú a luaithe is féidir. Moltar go socrófaí dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar

Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ag an tús ar fad chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú.

## Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích: Cur i láthair



Le himeacht **trí seachtaine**, rachaidh an scoláire i ngleic le trí réimse gníomhaíochta a chabhróidh leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil sa Mheasúnú Rangbhunaithe a ghiniúint:

- Iniúchadh
- Machnamh ar an bhfoghlaim
- Cumarsáid.

### 1. Iniúchadh

Éilítear sa Chur i láthair ar an scoláire ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó a iniúchadh agus é a chur i láthair. D'fhéadfadh go mbeadh baint dhíreach ag an ábhar a roghnaítear le sain-inneachar de chuid an chúrsa nó d'fhéadfadh an scoláire rogha a dhéanamh staidéar a dhéanamh ar shaincheist a bhfuil tábhacht phearsanta nó áitiúil léi, ar an gcuntar go mbaineann sí leis an timpeallacht ghnó.

Tá siad seo a leanas i measc na n-ábhar a d'fhéadfadh a bheith i gceist:

- Cuairt allamuigh ar fhiontar áitiúil
- Iniúchadh ar scéal sna meáin a bhaineann le cúrsaí gnó
- Ceannairí i réimse gnó na hÉireann
- Iniúchadh ar thionchar eagraíochta ar phobal
- Tomhaltachas
- Iniúchadh ar shaincheist eacnamaíoch reatha
- Gairmeacha beatha i gcúrsaí gnó

Ní féidir leis an scoláire cur i láthair a dhéanamh ar a Mheasúnú Rangbhunaithe don Ghnó á chur i ngníomh.

A luaithe a bheidh a ábhar spéise roghnaithe ag an scoláire, tabharfaidh sé faoi bhunobair iniúchta chun níos mó a fháil amach faoin ábhar. Tosóidh an scoláire ag bailiú faisnéise ó bhunfhoinní agus/nó



ó fhoinsí tánaisteacha m.sh. cruinniú/agallamh a eagrú nó taighde ar líne. Toisc go bhfuil na roghanna ábhair an-leathan, agus ag cur aois, chumas agus spéis an scoláire agus na tréimhse atá i gceist san áireamh, ba chóir don scoláire díriú ar ghné amháin den ábhar.

Tá sé tábhachtach don scoláire taifead a choinneáil ar fhoinse/fhoinsí an eolais ar fad a bhaileofar chun go mbeidh sé in ann a iontaofacht agus a cháilíocht a mheas. Is iomaí dearcadh is féidir a léiriú ar go leor ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó agus ba chóir an scoláire a spreagadh chun tuairimí éagsúla a chur san áireamh.

## **2. Machnamh ar an bhfoghlaím**

Tar éis dó roinnt bunobair iniúchta a dhéanamh ar an ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó, ba chóir don scoláire:

- Measúnú a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim sé faoin timpeallacht ghnó de thoradh an iniúchta
- Machnamh a dhéanamh ar cibé an bhfuil léargas difriúil aige ar an domhan agus ar an gcaoi ar athraigh a léargas, agus ar an gcaoi ar athraigh a iompar i ndiaidh dó dul i ngleic leis an ábhar seo, má d'athraigh.

Áireofar leis sin, mar shampla:

- Tábhacht an ábhair ó thaobh cúrsaí pearsanta, áitiúla, sóisialta nó comhshaoil a fhiosrú
- A chuid eolais, tuisceana agus smaointe a bhaineann leis an ábhar roghnaithe a chur i bhfeidhm
- Tuairimí difriúla a bhaineann leis an ábhar roghnaithe a mhíniú nuair is cuí
- Machnamh a dhéanamh ar an méid a chreid sé faoin ábhar roimh an iniúchadh agus ar an méid a chreideann sé anois
- Machnamh a dhéanamh ar cibé an bhfuil a iompar nó a dhearcadh athraithe i ndiaidh tuilleadh a fhoghlaim faoin ábhar agus ar an gcaoi ar athraigh siad, má d'athraigh.

I mbeagán focal, ba chóir don scoláire iarracht a dhéanamh teacht ar thuairim phearsanta maidir leis an ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó. Ba chóir an bonn cirt atá leis an tuairim sin a fháil sa bhunobair iniúchta a rinneadh.

## **3. Cumarsáid**

Déanfaidh gach scoláire cur i láthair ó bhéal faoin méid a d'fhoghlaim sé ón imscrúdú a rinne sé ar ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó. Ba chóir dó an fhaisnéis a chur i láthair ina chuid focal féin chun a

léiriú go bhfuil tuiscint phearsanta aige ar an eolas agus ar na smaointe a bhaineann leis an ábhar roghnaithe. Tosaíocht de chuid an mheasúnaithe seo is ea muinín a spreagadh i scileanna cuir i láthair agus cumarsáide an scoláire. Ba chóir an scoláire a spreagadh chun a chur i láthair a thriail amach agus a chleachtadh. Cé go ndéanann an múinteoir monatóireacht ar an gcéim seo den tasc, is é an scoláire féin a dhéanann an t-ullmhúchán, ar bhonn aonair nó ag comhoibriú go gníomhach, stuama mar chuid de ghrúpa.

Ba chóir go leanfadh an cur i láthair an struchtúr seo a leanas:

- Forbhreathnú gairid a shainnithint agus a thabhairt ar an ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó
- A spéis san ábhar a mhíniú
- Measúnú a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim sé faoin timpeallacht ghnó de thoradh a iniúchta ar an ábhar
- Machnamh a dhéanamh ar cibé an bhfuil léargas difriúil aige ar an domhan agus ar an gcaoi ar athraigh a léargas, agus ar an gcaoi ar athraigh a iompar i ndiaidh dó dul i ngleic leis an ábhar seo, má d'athraigh.
- Tuairim a thabhairt ar an ábhar a bhaineann le cúrsaí gnó
- Forbairt a chuid scileanna cumarsáide a thaispeáint.


### **Fianaise ar fhoghlaim**

Mar threoir, ba chóir go mairfeadh an cur i láthair suas le trí nóiméad in aghaidh an scoláire lena n-áirítear am a chuirtear ar leataobh chun an t-ábhar a phlé leis an lucht féachana. D'fhéadfadh tacaíocht an mhúinteora do chumarsáid an scoláire, i bhfoirm ceisteanna nó idirghabhálacha, a bheith mar chuid den chur i láthair. Féadfaidh scoláire labhairt le cabhair nótaí nó dá n-uireasa, agus tá cead aige script ullmhaithe a léamh.

Is féidir leis an scoláire réimse ábhair agus uirlisí tacaíochta difriúla a úsáid amhail ábhar spreagtha, teicneolaíocht dhigiteach, léiriúcháin tháblacha nó ghrafacha, póstaer, nó scéalchlár, ag cur chomhthéacs uathúil na scoile agus inniúlachtaí agus ábhair spéise an scoláire aonair san áireamh. Spreagtar úsáid a bhaint as ábhair tacaíochta dhifriúla chun tacú leis an gcur i láthair ó bhéal agus faightear luach saothair nuair a úsáidtear iad chun an cur i láthair a scafláil nuair is iomchuí.

Déanann an scoláire an cur i láthair ina aonar.

## An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Cur i láthair



### Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair an Chuir i láthair. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d’obair an scoláire (feic lch 5).

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barantúla d’obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d’fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe
- foilseofar samplaí anótáilte d’obair scoláirí ar [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)

## Na Gnéithe Cáilíochta: Cur i láthair

### Thar barr ar fad

- Taispeánann an scoláire deisbhéaláí agus muinín ó thaobh na cumarsáide de, léiríonn sé eolas fíorchuimsitheach ar an ábhar, agus tá struchtúr an chuir i láthair an-mhaith.
- Taispeántar cruthaitheacht san ábhar tacaíochta a roghnaíodh agus baintear leas an-éifeachtach as chun an lucht féachana a mhealladh.
- Tá machnamh an scoláire ar an ábhar ar chaighdeán den scoth, léirítear go soiléir an chaoi ar fhorbair nó ar athraigh tuairim an scoláire de réir a chéile.

### Os cionn na n-ionchas

- Déanann an scoláire cumarsáid shoiléir, inniúil agus mhuinéach, léiríonn sé eolas an-mhaith ar an ábhar, agus tá struchtúr an chuir i láthair go maith.
- Tá an t-ábhar tacaíochta roghnaithe go maith chun spéis a mhúscailt sa lucht féachana, taispeántar roinnt cruthaitheachta.
- Tá machnamh an scoláire ar an ábhar ar chaighdeán an-ard.

### Ag teacht leis na hionchais

- Déanann an scoláire cumarsáid mhaith, léiríonn sé eolas an-mhaith ar an ábhar, ach níl dóthain muiníne aige agus tá an cur i láthair doiléir in áiteanna.
- Tá an t-ábhar tacaíochta a roghnaíodh oiriúnach ach ní bhaintear leas iomlán as.
- Taispeánann an scoláire go bhfuil sé in ann machnamh a dhéanamh ar a dhearcadh féin ar an ábhar.

### Níor chomhlíon na hionchais go fóill

- Ní dhéanann an scoláire cumarsáid go soiléir ná go muinéach, léiríonn sé eolas an-teoranta ar an ábhar, agus níl struchtúr an chuir i láthair go maith.
- Úsáidtear an t-ábhar tacaíochta a roghnaíodh ar bhealach bunúsach.
- Tá machnamh an scoláire ar an ábhar caol agus ar dhroch-chaighdeán.

## Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuiscint ar chaighdeán na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, áit a dtabharfaidh na comhaltaí foirne a samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus a gcuirfidh siad a mbreithiúnais i gcomparáid le breithiúnais comhghleacaithe eile, agus le samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Baileofar samplaí de Gnó á chur i ngníomh/ Cur i láthair de chuid na scoláirí i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin. Féadfar aon fhearas taifeada fuaime nó closamhairc atá ar fáil sa scoil, ar nós táibléid, fón póca, ríomhaire glúine nó físcemara, a úsáid chun na críche sin. Ba chóir aird a thabhairt ar threoirínte cosanta leanaí fad is atá an taifeadadh ar siúl agus go mbeadh sé ag teacht le beartas úsáide inghlactha na scoile.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann san Aguisín agus ar líne ar <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/cruinnithe-afmá>.

## Torthaí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a Thaifeadadh agus a Thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na tuairisceoirí chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe leanúnacha na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach dá Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba chóir 'Neamhthuairiscithe' a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais faoi thuairisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú do Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar:

<https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/Tuairisce%C3%A1in/An-Tionscadal-Bunachar-Sonra%C3%AD-ar-L%C3%ADne-d%E2%80%99Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html>

### **Aiseolas a úsáid**

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil i dtaobh Gnó á chur i ngníomh/ Cur i láthair a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas a úsáid le fáil ar <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim>.

### **Toradh a cheistiú**

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceistanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

### **An Tasc Measúnaithe**

Tugann an scoláire faoi Thasc Measúnaithe scríofa atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil mar chuid den scrúdú stáit i Staidear Gnó. Is fiú 10% an Tasc Measúnaithe de na marcanna a úsáidfear chun an grád foriomlán a oibriú amach.

Tá baint dhíreach ag an Tasc Measúnaithe le cineál agus le fócas an dara Measúnú Rangbhunaithe, Cur i láthair. Déanfar measúnú sa Tasc Measúnaithe ar ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim an scoláire, lena n-áirítear:

- A chumas chun measúnú a dhéanamh ar eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn trína thaithí ar an gCur i láthair
- A chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé agus é i mbun an Chuir i láthair
- A chumas chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar athraigh a chóras luachanna trína thaithí ar an gCur i láthair.

Cuirtear an Tasc Measúnaithe ar fáil ar Leibhéal Comónta agus cuirfear cohórt leathan na scoláirí a bheidh ag dul faoin measúnú san áireamh sna ceistanna a chuirfear. Agus an taithí ar an ábhar spreagthach san áireamh, cuirtear an Tasc Measúnaithe i gcrích i dtréimhse ranga dhúbailte nó

tréimhse dhá rang aonair (.i. 80 nóiméad ar a laghad). Scríobhtar freagairt an scoláire i leabhrán proforma agus cuireann an scoil na leabhráin chomhlánaithe le haghaidh an Taisc Measúnaithe, chomh maith le scrípteanna an scrúdaithe deiridh, ar aghaidh de réir na socruithe a leagann Coimisiún na Scrúduithe Stáit síos.

Tabharfar faoin Tasc Measúnaithe do Staidair Gnó i ndiaidh an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích. Beidh roinnt solúbthachta ag scoileanna chun an dá thréimhse a roghnú chun é a chur i gcrích. Roghnófar seachtain amháin ina gcaithfidh an scoláire tabhairt faoin Tasc Measúnaithe.

Sa chás go bhfuil scoláire as láthair don Tasc Measúnaithe nó do chuid de, ba chóir don scoil socrú áitiúil a dhéanamh sa scoil le cur ar chumas an scoláire sin an tasc a chur i gcrích chomh gar agus is féidir don tréimhse sceidealaithe.

Cuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit an marc a bronnadh as an Tasc Measúnaithe le chéile leis an marc a bronnadh as an scrúdú le teacht ar an ngrád foriomlán don scrúdú stáit deiridh in Staidéir Gnó.

Beidh samplaí de Thascanna Measúnaithe, ábhair spreagthacha agus treoirlínte maidir leis an gcaoi leis an Tasc Measúnaithe a réachtáil agus a bhainistiú i rith dhá thréimhse ranga ar fáil ag [www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie) agus sna hUirlisí don Mheasúnú.

## Aguisín 1: Gnó á chur i ngníomh – Teimpléad le haghaidh Thaighde an Scoláire

|   |   |  |
|---|---|--|
| Rogha tionscadail:  | Fiontraíocht á cur i ngníomh<br>Eacnamaíocht á cur i ngníomh<br>Airgeadas á chur i ngníomh                                      | <input type="checkbox"/><br><input type="checkbox"/><br><input type="checkbox"/> |
| Teideal do thionscadail   | Ainm an scoláire  |  |
| An modh taighde   | Taighde allamuigh (taighde príomhúil) <input type="checkbox"/><br>Taighde deisce (taighde tánaisteach) <input type="checkbox"/> |  |
| 1.1 Réamhrá: Tabhair breac-chuntas gairid ar chuspóir do thaighde                                 |   |  |
| 1.2 An modh taighde Mínigh go hachomair cén fáth ar roghnaigh tú do mhodh taighde                 |   |  |
| 1.3 Foinsí: Liostaigh d'fhoinse/d'fhoinsí faisnéise   |   |  |
| 1.4 Achoimre: Tabhair achoimre ghearr ar an méid a fuair tú amach mar thoradh ar do chuid taighde |   |  |



1.5 Measúnú ar na torthaí: Smaoinigh go criticiúil ar na ceisteanna seo a leanas agus scríobh freagra gearr

(a) Ar chuir do thorthaí iontas ort? Cén fáth?

(b) An bhfuil foinse do thaighde iontaofa? Cén fáth?

(c) An bhfuil an fhaisnéis leataobhach nó claonta? Cén fáth?

1.6 Conclúid: Bunaithe ar do chuid torthaí, cad é an phríomhtheachtairacht a roinnfidh tú le d'fhoireann?

1.7 Cinnteoireacht: Cén chaoi a rachaidh do thorthaí i bhfeidhm ar phlean gníomhaíochta d'fhoirne, dar leat?

1.8 Do chuid foinsí a thaifeadadh: Tabhair fianaise éigin ar do thaighde, mar shampla ceisteanna agallaimh, ceistneoir, fótachóipeanna, íomhánna, nótaí, eagraithe grafacha, srl.



(c) An chaoi ar chuidigh mé leis an bplean gníomhaíochta a fhorbairt

(a) An chaoi ar chuidigh mé leis an tionscadal a thiomsú

1.4 Athbhreithniú: Déan cur síos ar an gcaoi ar éirigh libh mar fhoireann agus ar aon deacrachtaí ar éirigh libh an ceann is fearr a fháil orthu agus sibh ag obair mar fhoireann *nó* Déan cur síos ar na buntáistí agus ar na dúshláin a bhain le bheith ag obair ar an tionscadal grúpa seo mar dhuine aonair

1.5 Aiseolas an mhúinteora

## Aguisín 3: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuireann cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhsheasmhacht a bhaint amach i gcomhar lena chéile ina mbreithiúnais ar obair scoláirí bunaithe ar Ghnéithe Cáilíochta comónta a leagtar amach go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeán agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

### Forléargas

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige ag cuidiú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeán agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus chun na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a chomhroinnt.

Is iad cuspóirí an phróisis athbhreithnithe an méid seo a leanas a bhaint amach:

- comhsheasmhacht níos fearr i mbreithiúnas múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- ailíniú níos fearr idir breithiúnais agus caighdeán a bhfuiltear ag súil leo

agus a dheimhniú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfuil na scoláirí ag fáil aitheantais iomchuí dá gcuid éachtaí ar aon dul le caighdeán agus le hionchais.

Beidh soláthar i bhféilire na scoile don tréimhse a thógfaidh cruinnithe athbhreithnithe ón 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a leithroinnfear ar gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Dáilfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig eile ar mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun gach cruinniú athbhreithnithe a ullmhú agus a chomhordú. Beidh gach múinteoir ábhartha i mbun an róil sin ar a sheal.

Beidh gach cruinniú:

- ag baint go sonrach le hábhar amháin
- thart ar dhá an chloig ar fad

- ar bun chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe
- ag plé le hathbheithniú ar obair scoláirí a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe sonrath.

Nuair atá múinteoir aonair ábhair i scoil, is féidir an múinteoir a éascú le páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. I gcás Gaelscoile, is féidir leis an múinteoir aonair ábhair páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le Gaelscoil eile.

## Treoir an Éascaitheora

Tabharfaidh na múinteoirí faoi ról an éascaitheora i rith cruinnithe Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar a seal. Tabharfaidh an t-éascaitheoir eiseamláirí de cheistiú éifeachtach i rith an chuir agus cúitimh ar shamplaí d’obair scoláirí a dhíríonn ar chomh maith agus a dtagann obair na scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta. I rith na gcruinnithe athbheithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba chóir a chur i bhfeidhm, ba chóir don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad, nó iad ar fad beagnach, a bhaineann le tuairisceoir ar leith. Cuireann cur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ ar chumas na múinteoirí sa chruinniú athbheithnithe an tuairisceoir is fearr a thagann ‘ar an iomlán’ leis an obair atá á mheas a roghnú. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuarascáil ghairid (feic Agusín 4) ar an gcruinniú athbheithnithe faoi bhráid phríomhoide na scoile.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phlean dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

### **Roimh an gcruinniú**

Ar an gcéad dul síos, d’fhéadfadh sé cabhrú leis na múinteoirí dá n-athbheithneoidís cuid de na samplaí anótáilte ábhartha ó CNCM sula gcinneann siad aon rud faoi obair a scoláirí féin.

A luaithe is a bhíonn a Mheasúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích ag scoláire, déanfaidh an múinteoir réamh-mheasúnú ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar na réamh-mheasúnuithe sin a mhodhnú i bhfianaise an phlé a tharlaíonn ag an gcruinniú Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Breacfaidh an múinteoir nóta den tuairisceoir a bhronntar ar gach scoláire agus aon phointe eile a dteastódh uaidh a úsáid mar thagairt i rith an chruinnithe Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nó ina dhiaidh. Is d’úsáid phearsanta an mhúinteora an nóta sin.

Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaitheoidh gach múinteoir sampla amháin d’obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

### **I rith an chruinnithe**

Stiúrann an t-éascaitheoir an cruinniú agus coinníonn sé taifead ar na cinntí a rinneadh i dteimpléad, a úsáidtear chun tuarascáil an chruinnithe a chur i dtoll a chéile (feic Aguisín 4). Moltar go gcloífeadh an cruinniú leis an sceideal ginearálta seo:

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe tacú le comhsheasmhacht i mbreithiúnas faoi obair na scoláirí agus tuiscint choiteann a fhorbairt faoi chaighdeán foghlama na scoláirí. Ba chóir aird a tharraingt freisin ar luach an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláire faoin gcaoi a bhféadfadh sé a chuid oibre a fheabhsú.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar chomhalta foirne amháin sampla oibre a chur i láthair a mheasúnaigh sé mar *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*.
- I ndiaidh réamhrá gairid an mhúinteora, stiúrann an t-éascaitheoir plé ginearálta ar a mhéad a dtagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Má dheimhníonn an cruinniú an breithiúnas, breacann an t-éascaitheoir é sin i dtaifead an chruinnithe.
- Má tá easaontas ann, ba chóir don éascaitheoir tagairt a dhéanamh do na samplaí anótáilte ábhartha d’obair scoláirí a chuir CNCM ar fáil agus, más cuí, cúpla sampla d’obair scoláirí a mheasúnaigh múinteoirí eile sa ghrúpa agus ar bhronn siad an tuairisceoir sin air.
- Ba chóir don éascaitheoir iarracht a dhéanamh comhaontú a bhunú i rith an phlé ar shamplaí ach ba chóir díriú ar eolas agus scileanna gairmiúla na múinteoirí a fhorbairt seachas ar chomhaontú gach múinteora a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta ar fad i ngach sampla.
- Ba chóir díriú i gcónaí i rith na gcruinnithe athbhreithnithe nuair atá breithiúnais á ndearbhú ar chur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ a chuireann ar chumas na múinteoirí an tuairisceoir is fearr a oireann ‘ar an iomlán’ don obair atá á mheas a roghnú.
- Cé gur chóir am réasúnta a chur ar fáil don chur agus cúiteamh, ba chóir don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil a úsáid chun a chinneadh cén uair is cuí dul ar aghaidh go dtí an chéad sampla eile.
- Más féidir, ba chóir dhá shampla ar a laghad a phlé le haghaidh gach tuairisceora agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear sampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir i rith an chruinnithe.

- Tugtar faoin bpróiseas céanna arís chun samplaí a measúnaíodh mar *Ag teacht leis na hionchais, Os cionn na n-ionchas* agus *Thar barr ar fad* a phlé agus a roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, tugann an t-éascaitheoir achoimre ghairid ar phríomhphointí an chuir agus cúitimh.
- Tá sé tábhachtach go dtugann gach múinteoir aird ar impleachtaí na gcinntí a dhéantar sa chruinniú don chuid eile d'obair na scoláirí a mheasúnaigh siad cheana féin, go háirithe i gcás tuairisceoirí nár tháinig a mbreithiúnas le tuairimí thromlach na múinteoirí sa chruinniú.

### **I ndiaidh an chruinnithe**

I ndiaidh an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir machnamh ar an measúnú ar obair a scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar na measúnuithe sealadacha. I ndiaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cuireann an t-éascaitheoir a thuarascáil ón gcruinniú faoi bhráid phríomhoide na scoile. Dírítear sa tuarascáil ar thorthaí an chuir agus cúitimh ar obair na scoláirí sa chruinniú.

Féadfaidh an t-éascaitheoir iarraidh ar na múinteoir, más maith leis, roinnt d'obair a scoláirí a chur leis an taise samplaí:

- chun tacú le hionduchtúcháin múinteoirí nua
- chun tacú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- chun úsáid le scoláirí agus tuismitheoirí chun an caighdeán oibre a baineadh amach a léiriú.

Aguisín 4: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú  
 Ábhair Tuarascáil an Éascaitheora

| Ábhar:   | Dáta/am: |
|--|----------|
| <b>Daoine i láthair</b>  |          |
| <b>Na príomhchinntí a rinneadh</b>   |          |
| <b>Pointí le tabhairt faoi deara i gcrúinnithe athbhreithnithe amach anseo</b> |          |
| <b>Aon cheo eile?</b>  |          |
| <p>Éascaitheoir</p> <p>Dáta</p>  |          |





